**RABHADH**
**CAITHFEAR an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2016

# GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL
**(400 marc)**

**DÉARDAOIN 16 MEITHEMH 2016 – MAIDIN 9:30 go 12:00**

**FREAGAIR**

**(A) Deich** gceist as **ROINN 1**

**AGUS**

**(B) Ceithre** cheist as **ROINN 2 mar a leanas:**

Ceist **amháin** as **Cuid 1** agus
**Dhá** cheist as **Cuid 2** agus
Ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**.

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Múnla an Áireamháin a Úsáideadh:**

| Ceist. | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Iomlán | |

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS I dTEANNTA AN FHREAGARLEABHAIR A ÚSÁIDTEAR CHUN CUID 2 A FHREAGAIRT**

# ROINN 1
**(100 marc)**

## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist. Cuir an ceistpháipéar seo ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar, le do thoil.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Tá na litreacha Béarla tugtha idir lúibíní.)
Scríobh gach freagra sa spás cuí.

| | |
|---|---|
| CBL (VAT) | |
| WWW | |
| CGB (AGM) | |

**2.** Déan liosta de **thrí** mhodh **cumarsáide scríofa** a d'fhéadfadh gnólacht a úsáid.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

**3.** Déan an **pá glan bliantúil a thugann** Cionnaith Mag Craith **abhaile leis** a ríomh ó na sonraí seo a leanas. **Taispeáin do chuid oibre**.


| **Ainm:** Cionnaith Mag Craith | | **€** | **€** |
|---|---|---|---|
| Pá Iomlán | | | **30,000** |
| **Asbhaintí** | | | |
| ÍMAT (20% de €30,000)<br>- Creidmheas Cánach | **6000**<br>**<u>3200</u>** | | |
| ÍMAT glan | | **2800** | |
| ÁSPC (4% de €30,000) | | **(i)** | |
| MSU (3% de €30,000) | | **(ii)** | |
| **Asbhaintí Iomlána** | | | **(iii)** |
| **Pá glan bliantúil a thugtar abhaile** | | | **(iv)** |

| **Taispeáin do chuid oibre**<br>ÁSPC | **Taispeáin do chuid oibre**<br>MSU |
|---|---|
| | |

**4.** Comhlánaigh na Tosca Táirgthe atá ar iarraidh sna spásanna cuí.

| | | | |
|---|---|---|---|
| TALAMH | | CAIPITEAL | |

**5.** Léiríonn an chairt thíos an líon gluaisteán nua a mheastar a dhíolfaidh Gluaisteáin Uí Mheachair Teo. don tréimhse sé mhí ó Eanáir go Meitheamh 2017.




(a) Ainmnigh an **modh amhairc cumarsáide** a léirítear thuas. ___________________________________

(b) (i) Sainaithin an mhí ina meastar go ndíolfar an líon is mó gluaisteán. ______________________

(ii) Sainaithin an líon gluaisteán a mheastar a dhíolfar an mhí sin. __________________________

(c) Ainmnigh modh amhairc cumarsáide **amháin** eile.__________________________________________

**6.** Ainmnigh na **trí** ghníomhaíocht bhainistíochta.

(i) ______________________________________________________________________________

(ii) ______________________________________________________________________________

(iii) ______________________________________________________________________________

**7.** Roghnaigh na focail chuí chun an abairt thíos a chríochnú. (Tá focal amháin ann nach mbaineann le hábhar.)

**CUMHACHT** **CINNTÍ** **SPRIOCANNA**

Tugann **cumasú fostaithe** ________________ bhreise don fhoireann a gcuid __________________ féin a dhéanamh faoin gcaoi lena gcuid oibre a dhéanamh.

**8.** Déan liosta de **dhá** chúis le dífhostú **éagórach**, faoin Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977/2007.

(i) ______________________________________________________________________________

(ii) ______________________________________________________________________________

**9.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach a bhféadfadh gnó a bheith níos **fabhraí don timpeallacht**.

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**10.** Scríobh **FÍOR** nó **BRÉAGACH** i ndiaidh gach ráitis díobh seo a leanas.

| | |
|---|---|
| Tagraíonn boilsciú d'ardú ar phraghsanna ginearálta ó bhliain go bliain. | |
| Caitheann tomhaltóirí níos mó mar thoradh ar chúlú eacnamaíochta. | |
| Ciallaíonn rátaí úis níos ísle go bhfuil sé níos saoire airgead a fháil ar iasacht. | |
| Tagraíonn rátaí malairte do phraghas airgeadra amháin agus é léirithe i dtéarmaí airgeadra eile. | |
| Tagann ardú ar chaiteachas an rialtais i dtaca le leas sóisialta mar thoradh ar dhífhostaíocht ard. | |

**11.** Cuir in iúl cé acu foras rialtais atá freagrach as breisoideachas agus as oiliúint.
Cuir (✓) sa bhosca ceart.

Solas (ar tugadh FÁS air roimhe seo) ☐

ÚFT (IDA) ☐

**12.** Ainmnigh **dhá** pholasaí de chuid an Aontais Eorpaigh (AE).

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**13.** Sampla de shaincheadúnas Éireannach is ea cuideachta caife Insomnia.

(i) Mínigh an téarma **saincheadú.**

INSOMNIA
coffee company

Míniú: ______________________________

______________________________


______________________________

(ii) Tabhair sampla **amháin eile** de saincheadúnas.

Sampla: ______________________________

**14.** Tá an léaráid de Shaolré Táirge thíos neamhiomlán. Tá an chéim ar a dtugtar **Sáithiú** líonta isteach agus tá ainmneacha na gcéimeanna eile ar iarraidh.

Líon isteach na céimeanna atá **ar iarraidh** thíos.




Céim 1 ________________________________

Céim 2 ________________________________

Céim 3 ________________________________

Céim 4 Sáithiú

Céim 5 ________________________________

**15.** Is liosta de théarmaí gnó a bhaineann le dlí na gconarthaí atá i gcolún 1. Is liosta de mhíniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ar na téarmaí sin atá i gcolún 2. **Tá míniúchán amháin ann nach féidir a mheaitseáil le haon téarma díobh**.

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos.

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

| Téarmaí Gnó | Míniúcháin | |
|---|---|---|
| **1.** Inniúlacht | **A.** | Tá sé dodhéanta conradh a chomhlíonadh de bharr imeachta nach raibh coinne leis. |
| **2.** Conradh | **B.** | Caithfidh duine a bheith ábalta de réir dlí conradh a dhéanamh. |
| **3.** Comaoin | **C.** | Ní mór do na páirtithe a dhéanann an conradh é sin a dhéanamh dá ndeoin féin. |
| **4.** Toiliú | **D.** | An comhaontú a dhéantar idir dha pháirtí nó níos mó agus atá ina cheangal de réir dlí. |
| **5.** Dírathú | **E.** | Tá roinnt conarthaí ann is gá a dhréachtú ar bhealach áirithe le go mbeidh siad ina gconarthaí dlíthiúla. |
| | **F.** | Rud a bhfuil luach air a mhalartaítear idir na páirtithe sa chonradh. |

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

# ROINN 2

**(300 marc)**

Freagair **ceithre** cheist as ROINN 2 mar seo a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1** agus
**Dhá** cheist as **Cuid 2 AGUS**
Ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**.

# CUID 1

**DAOINE SA GHNÓ**

**CEIST 1**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

## Tubaiste Aoine na Margaí (Aoine Dhubh)!




Cheannaigh Ciara a cuid bronntanas Nollag ar fad i mí na Samhna ag sladmhargaí "Aoine na Margaí" (Aoine Dhubh). Fuair Ciara lascaine iontach ar ríomhaire glúine nua dá fear céile. Ar Lá Nollag, nuair a d'oscail sé an bronntanas, thug sé faoi deara go raibh damáiste déanta do scáileán an ríomhaire glúine. Ní raibh Ciara cinnte an raibh sí i dteideal réiteach a fháil mar gur cheannaigh sí an ríomhaire glúine i sladmhargadh. Rinne Ciara teagmháil le Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann. Thug siad le fios di go raibh na cearta agus na cosaintí ceannann céanna aici le duine a cheannaigh an táirge ar an bpraghas iomlán.

**(A)** Ainmnigh an dlí a thugann cosaint do Ciara sa chás seo. (10 marc)

**(B)** Mínigh **dhá** cheart dhlíthiúla atá ag an tomhaltóir faoin dlí seo. (15 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chineál réitigh/sásaimh a bhfuil Ciara ina dteideal sa chás thuas. (15 mharc)

## Gníomhaíocht Thionsclaíoch na dTiománaithe Traenach

Bhí tiománaithe traenach in Iarnród Éireann i mbun aighneas tionsclaíoch lena bhfostóir. Rinne an NBRU (Ceardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid) agus SIPTU (an Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil) ionadaíocht ar a son.

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a bhíonn le díospóidí a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch. (15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shórt gníomhaíocht thionsclaíoch oifigiúil is féidir le ceardchumann a dhéanamh mar chuid de dhíospóid a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch. (20 marc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

## TIMPEALLACHT INTÍRE / IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 2

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

D'fhógair Príomhoifigeach Apple, Tim Cook, pleananna chun 1,000 post nua a chruthú ar champas Apple i gCorcaigh. www.irishexaminer.com

**(A)** (i) Mínigh an téarma **earnáil thánaisteach**.
(ii) Ainmnigh earnáil **amháin** eile den gheilleagar. (15 mharc)

**(B)** (i) Cuideachta ilnáisiúnta is ea Apple. Mínigh an téarma **cuideachta ilnáisiúnta**.
(ii) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta **amháin** eile. (15 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith leis an gcinneadh a rinne Apple lonnú in Éirinn. (20 marc)

**(D)** Cuideachta Phoiblí Theoranta (cpt) is ea Apple. Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le feidhmiú mar cpt. (15 mharc)

*D'fhás Geilleagar na hÉireann in 2015.*

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le fás eacnamaíoch do gheilleagar na hÉireann. (10 marc)

**(75 marc)**

## TIMPEALLACHT IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 3

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Iompórtálacha Sofheicthe €3,700m
Easpórtálacha Sofheicthe €4,800m

**(A)** (i) Bain úsáid as eolas thuas agus ríomh **Comhardú na Trádála**. **Taispeáin do chuid oibre**.
(ii) Cuir in iúl cé acu barrachas nó easnamh atá ann. (15 mharc)

**(B)** (i) Déan liosta de **dhá** shampla d'earraí a iompórtáiltear go hÉirinn.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a n-iompórtáiltear earraí go hÉirinn. (20 marc)

Tá geilleagar beag oscailte ag Éirinn agus braitheann sé go mór ar thrádáil idirnáisiúnta.

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhúshlán do ghnólachtaí Éireannacha atá páirteach i dtrádáil idirnáisiúnta. (15 mharc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** úsáid a bhaintear as Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT) i dtrádáil idirnáisiúnta. (15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann Éire as ballraíocht san Aontas Eorpach. (10 marc)

**(75 marc)**

# CUID 2

## FIONTRAÍOCHT / BAINISTÍOCHT

### CEIST 4

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Gafa le hAclaíocht**



Thug Seán faoi deara go raibh bearna sa mhargadh do ghnó Traenála Pearsanta ina bhaile dúchais. D'úsáid Seán airgead a bhí sábháilte aige féin chun stiúideo aclaíochta a oscailt. Laistigh de bhliain amháin bhí breis agus 150 cliant i mbun traenála aige. D'fhostaigh Seán cúigear traenálaithe pearsanta lánaimseartha chun cabhrú leis san obair. Téann sé i gcomhairle lena fhoireann oibre go minic agus tá meas aige ar a gcuid tuairimí.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thréith/scil a bhaineann le fiontraí. (15 mharc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** riosca a thiocfaidh i gceist do Sheán de bharr a ghnó féin a bhunú. (15 mharc)

**(C)** Mínigh **dhá** ghné de **stíl dhaonlathach cheannaireachta**. (15 mharc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le fostaithe an-spreagtha a bheith agat. (15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cruinnithe mar mhodh cumarsáide. (15 mharc)

**(75 marc)**

## BAINISTÍOCHT

### CEIST 5

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Garáiste Chaoimhín**

Tá garáiste agus leoraí tarrthála ag Caoimhín. Tá seachtar fostaithe aige. Fuair Caoimhín a bhille árachais bliantúil don gharáiste. Bhí díomá air nuair a chonaic sé go raibh ardú 50% tagtha ar an bpréimh. Bheartaigh sé ar an margadh ab fhearr a chuardach agus fuair sé roinnt luachanna ar líne i gcomhair árachais ó chuideachtaí éagsúla. Bhí bille mótarchánach bliantúil Chaoimhín i leith an ghnó le híoc freisin. D'aithin sé go mbeadh air rótharraingt bhainc a shocrú chun cuidiú leis na héilimh airgeadais a bhí ar a ghnó ag an am sin.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chineál árachais a mbeifeá ag súil leis go mbeidís ag gnólacht. (20 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghníomh a d'fhéadfadh Caoimhín a dhéanamh chun an phréimh árachais a ísliú. (10 marc)

**(C)** Déan liosta de **dhá** cháin, seachas mótarcháin, a d'fhéadfadh gnólacht a íoc. (15 mharc)

**(D)** Mínigh an téarma **rótharraingt bhainc**. (10 marc)

**(E)** Mínigh **trí** thoisc a chuirfeadh banc san áireamh sula dtabharfaí iasacht do ghnólacht. (20 marc)

**(75 marc)**

## BAINISTÍOCHT

### CEIST 6

Léigh an t-eolas a thugtar san **fhógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Sainchomhairleoir Margaíochta Digití**
**á lorg ag**
**Gníomhaireacht Mhargaíochta Digití Sárteic**

Gnó Margaíochta Digití agus TF is ea Gníomhaireacht Mhargaíochta Digití Sárteic a bhaineann feidhm as cineál amháin nó níos mó de na meáin leictreonacha chun táirgí nó brandaí a chur chun cinn.
Tá naonúr ar an bhfoireann againn faoi láthair. Tá Sainchomhairleoir Margaíochta Digití á lorg againn dár bhfoireann i mBaile Átha Cliath.

**An post:** bualadh le cliaint chun a gcuid riachtanas a aithint agus a thuiscint. Freagrach as éisteacht leis na cliaint agus ansin feachtais mhargaíochta digití a chruthú chun táirgí agus seirbhísí an chliaint a chur chun cinn.

**An t-iarrthóir idéalach:** ní mór céim ábhartha a bheith aige/aici sa Ghnó, trí bliana de thaithí sa mhargaíocht dhigiteach, scileanna idirphearsanta agus cumarsáide den scoth agus an cumas chun oibriú mar chuid d'fhoireann. Is féidir idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le luach saothair.

**Déan iarratas ar líne chuig: www.gniomhaireachtmhargaiochtadigitisarteic.com**
roimh 24 Meitheamh 2016.

**(A)** Mínigh an difríocht idir earcaíocht **inmheánach** agus earcaíocht **sheachtrach**. (20 marc)

**(B)** Mínigh na téarmaí seo a leanas **agus tagairt agat** don fhógra thuas:

(i) Sainchuntas poist (*Jabthuairisc*)
(ii) Duineshonrú (*Sonraíocht faoin bPearsa*).

(20 marc)

**(C)** Mínigh an difríocht idir **'oiliúint ar an láthair oibre'** agus **'oiliúint lasmuigh den láthair oibre'**.
(10 marc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chineál luach saothair i gcomhair fostaithe. (15 mharc)

**(E)** Déan liosta de **dhá** mhodh chun folúntais do phoist a fhógairt. (10 marc)

**(75 marc)**

**GNÓ I nGNÍOMH**

**CEIST 7**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

## Bia Sráide Meicsiceach Thaidhg

Bhí mórán blianta de thaithí ag Tadhg ag obair mar chócaire i mbialanna a chuir bia Meicsiceach ar fáil. Thug sé faoi deara go raibh an-tóir ar leantóirí bia le linn dó a bheith ag freastal ar fhéilte ceoil éagsúla. Rinne Tadhg taighde margaidh agus shocraigh sé a leantóir bia féin a oscailt chun bia fíor-Mheicsiceach a dhíol. Cheannaigh sé jíp agus leantóir bia. Tá cáil an-mhór ar an ainm branda, *Bia Sráide Meicsiceach Thaidhg,* anois i dtaca le bia d'ardchaighdeán ar phraghas réasúnta. Scaipeann Tadhg eolas faoina chuid tionscnamh díolachán trí na meáin shóisialta, leithéidí Facebook agus Twitter.




**(A)** Mínigh **trí** fhoinse de smaointe maidir le táirgí/seirbhísí nua i gcomhair gnólachta. (15 mharc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a ndéanfadh gnólacht taighde margaidh. (15 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhoinse mheántréimhseacha airgeadais a d'fhéadfadh Tadhg a úsáid chun an jíp agus an leantóir bia a cheannach. (10 marc)

**(D)** (i) Déan liosta de **dhá** shampla d'ainmneacha branda a bhfuil eolas maith orthu.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann gnólacht as ainm branda. (20 marc)

**(E)** Déan cur síos ar **dhá** thionscnamh díolachán a d'fhéadfadh Bia Sráide Meicsiceach Thaidhg a thairiscint do thomhaltóirí chun díolacháin a mhéadú. (15 mharc)

**(75 marc)**

**GNÓ I nGNÍOMH**

**CEIST 8**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

## Deismireachtaí Deasa Dolly




Caitheamh aimsire a bhí sa bhácáil riamh do Dolly Ní Bhriain nó gur bhuaigh sí Ollchomórtas Bácála na hÉireann in 2015. Bheartaigh sí feidhmiú mar thrádálaí aonair. Úsáideann Dolly córas baisctháirgthe chun cácaí agus borróga a tháirgeadh. Díolann sí a cuid táirgí díreach lena cuid tomhaltóirí ar mhargaí feirmeoirí. Bheartaigh Dolly ar chácaí bainise saincheaptha a dhéanamh mar tháirge nua. Chuir sí a cuid cácaí bainise i láthair a spriocmhargaidh ar aontaí bainise.

**(A)** (i) Mínigh an téarma **trádálaí aonair**.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann Dolly as a bheith ina trádálaí aonair.
(15 mharc)

**(B)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghné den bhaisctháirgeadh.
(ii) Déan liosta de **dhá** mhodh táirgthe eile a úsáidtear sa ghnó. (20 marc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc ba chóir do Dolly a chur san áireamh nuair a bhíonn praghas a cuid táirgí á socrú aici. (20 marc)

**(D)** Mínigh an téarma **spriocmhargadh**. (10 marc)

**(E)** Mínigh an téarma **bealaí dáileacháin**. (10 marc)

**(75 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Leathanach Bán